2025/1093

23.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1093 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Bealtaine 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta tíortha a bhfuil ísealriosca nó ardriosca ag baint leo maidir le tráchtearraí ábhartha a tháirgeadh nach gcomhlíonann na táirgí ábhartha Airteagal 3, pointe (a) ina leith

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ([1]), agus go háirithe Airteagal 29(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/1115, leagtar síos rialacha chun an méid a chuireann an tAontas leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí ar fud an domhain a íoslaghdú trí oibleagáidí díchill chuí a fhorchur ar oibreoirí agus ar thrádálaithe a dhéanann tráchtearraí agus táirgí ábhartha a chur ar mhargadh an Aontais, a chur ar fáil air nó a onnmhairiú uaidh, mar atá eallach, cócó, caife, pailm ola, rubar, soighe, agus adhmad.

(2) Athraíonn an riosca nach bhfuil táirgí a dhéantar a chur ar an margadh nó a chur ar fáil ar an margadh nó a onnmhairítear gan dífhoraoisiú ag brath ar thír thionscnaimh agus táirgthe an tráchtearra nó an táirge. Oibreoirí agus trádálaithe a fhoinsíonn tráchtearraí agus táirgí ó thíortha nó ó chodanna díobh a mbaineann ísealriosca leo maidir le tráchtearraí agus táirgí ábhartha nach gcomhlíonann Rialachán (AE) 2023/1115 a fhás, a bhuaint nó a tháirgeadh, tá siad le bheith faoi réir oibleagáidí díchill chuí simplithe i gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán sin.

(3) Sannadh leibhéal caighdeánach riosca do gach tír ar theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1115. Mar sin féin, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le tráchtearraí ábhartha a tháirgeadh nach gcomhlíonann an táirge ábhartha an coinníoll ina leith maidir le bheith gan dífhoraoisiú ar leibhéal tíre nó codanna di agus na tíortha a aicmiú agus a liostú mar thíortha ardriosca nó mar thíortha ísealriosca.

(4) Tá na Ballstáit nó tríú tíortha nó codanna díobh le haicmiú ar mheasúnú oibiachtúil trédhearcach arna dhéanamh ag an gCoimisiún, agus an fhianaise eolaíoch is déanaí agus na foinsí a aithnítear go hidirnáisiúnta á gcur san áireamh. Tá an t-aicmiú le bheith bunaithe go príomha ar na sonraí cainníochtúla is déanaí a aithnítear go hidirnáisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 29 (3), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2023/1115. Braitheann an t-aicmiú ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí agus ar shonraí a aithnítear go hidirnáisiúnta, go príomha ón Measúnú ar Acmhainní Foraoise Domhanda de chuid Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe. Cuirtear san áireamh san aicmiú critéir eile mar a liostaítear in Airteagal 29 (4), pointí (a), (b), (c), (d) agus (e) iad de Rialachán (AE) 2023/1115. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gCreat Straitéiseach le haghaidh Rannpháirtíocht sa Chomhar Idirnáisiúnta i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2023/1115 prionsabail ghinearálta na modheolaíochta tagarmharcála. Luaitear ann go n-aicmeofar formhór mór na dtíortha ar fud an domhain mar thíortha ísealriosca, rud a thabharfaidh an deis iarrachtaí agus acmhainní comhchoiteanna a dhíriú chun foraoisí a chosaint sna limistéir gheografacha sin ina bhfuil dúshláin dífhoraoisiúcháin níos géire, rud a chruthóidh spriocanna insroichte do thíortha ar gá feabhas a chur orthu agus a laghdóidh costais le haghaidh oibreoirí.

([1]) IO L 150, 9.6.2023, lch. 206, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1115/oj.

(5) Leagadh amach na prionsabail is bonn leis an modheolaíocht sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin. Tugtar míniú mionsonraithe sa doiciméad ar an gcaoi ar bunaíodh an liosta, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2023/1115 agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gCreat Straitéiseach um Rannpháirtíocht sa Chomhar Idirnáisiúnta i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2023/1115. Sonraítear ann cineál agus foinsí na sonraí a úsáidtear agus an mhodheolaíocht le haghaidh measúnú cainníochtúil agus cáilíochtúil araon. Áirithítear leis sin trédhearcacht, oibiachtúlacht agus comhsheasmhacht le cur chuige an Choimisiúin, rud a threisíonn stóinseacht agus inchreidteacht an toraidh.

(6) Beidh an t-aicmiú mar bhonn leis an gcur chuige rioscabhunaithe trína ndéanann na húdaráis inniúla seiceálacha ar oibreoirí agus ar thrádálaithe lena gcumhdaítear na córais díchill chuí agus comhlíontacht na dtáirgí ábhartha le Rialachán (AE) 2023/1115 i gcomhréir le hAirteagal 16 (3) den Rialachán sin agus chun a shoiléiriú cé na cásanna inar féidir le hoibreoirí agus trádálaithe úsáid a bhaint as an dícheall cuí simplithe de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2023/1115. Tá an t-aicmiú le cur san áireamh freisin i measúnú riosca oibreoirí agus trádálaithe de bhun Airteagal 10(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/1115.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste arna bhunú le hAirteagal 36(1) de Rialachán (AE) 2023/1115.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Is iad na tíortha a bhfuil ísealriosca nó ardriosca ag baint leo na tíortha a liostaítear san Iarscríbhinn.

2. Coinneofar leibhéal caighdeánach ar bun i gcás na dtíortha uile nach liostaítear san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Liosta tíortha a meastar ísealriosca nó ardriosca a bheith ag baint leo de réir an mheasúnaithe bunaithe ar Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2023/1115:

Tíortha ísealriosca

An Afganastáin, an Afraic Theas, an Ailgéir, an Airméin, an Albáin, Andóra, Antigua agus Barbúda, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Araib Shádach, an Asarbaiseáin, an Astráil, na Bahámaí, Bairéin, an Bhanglaidéis, Barbadós, an Bheilg, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Brúiné Darasalám, an Bhulgáir, an Bhurúin, an Bhútáin, Cabo Verde, an Chasacstáin, Catar, Ceanada, an Chéinia, an Chipir, Cireabas, an Chirgeastáin, an Congó, Cósta Ríce, an Chróit, Cuáit, Cúba, an Danmhairg, Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos, Djibouti, Doiminice, an Eastóin, Easuaitíní, an Éigipt, an Eilvéis, Éimin, Éire, Fidsí, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghabúin, Gána, an Ghearmáin, Greanáda, an Ghréig, an Ghuáin, Iamáice, an Iaráic, an Iaráin (Poblacht Ioslamach na hIaráine), an India, an Iodáil, an Iordáin, an Iorua, an Íoslainn, an Ísiltír (Ríocht na hÍsiltíre), an Laitvia, Leosóta, an Libia, Lichtinstéin, an Liobáin, an Liotuáin, Lucsamburg, an Mhacadóin Thuaidh, Madagascar, Mailí, Málta, Maracó, an Mhicrinéis (Stáit Chónaidhme na Micrinéise), Poblacht na Moldóive, Monacó, an Mhongóil, Montainéagró, Nárú, Neipeal, Nua-Ghuine Phapua, an Nua-Shéalainn, Oileáin Chomóra, na hOileáin Fhilipíneacha, Oileáin Mhaildíve, Oileáin Marshall, Oileán Mhuirís, Oileáin Palau, Oileán Sholomón, Oileán na Tríonóide agus Tobága, Óman, an Ostair, an Phalaistín, Poblacht na hAfraice Láir, Poblacht Arabach na Siria, Poblacht na Cóiré, an Phoblacht Dhoiminiceach, an Pholainn, an Phortaingéil, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, an Rómáin, Ruanda, Saint Lucia, Samó, San Críostóir-Nimheas, San Mairíne, San Uinseann agus na Greanáidíní, São Tomé agus Príncipe, an tSeapáin, an tSeicia, an tSeirbia, na Séiséil, an tSeoirsia, an tSile, an tSín, Singeapór, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn, Srí Lanca, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an tSualainn, an tSúdáin Theas, Suranam, an Táidsíceastáin, an Téalainn, Tíomór Thoir, Tóga, Tonga, an Túinéis, an Tuirc, an Tuircméanastáin, Túvalú, an Úcráin, an Úisbéiceastáin, an Ungáir, Uragua, Vanuatú, Vítneam.

Tíortha ardriosca

An Bhealarúis, Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, Maenmar, Cónaidhm na Rúise.